# Rudaí a Chur in Ord Ama

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Tomhais – am<br>Uimhreas – comparáid agus ordú<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht, Na hEalaíona, Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• tosú a eagrú a gcuid oibre féin agus oibriú go córasach<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• teanga mhatamaiticiúil a thuiscint agus bheith in ann í a úsáid le labhairt ar a gcuid oibre |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | roimh, i ndiaidh, cuir in ord, ord, seicheamh, laethanta na seachtaine, míonna na bliana, séasúir, amanna an lae |
| **Áiseanna** | cártaí, pictiúir d'imeachtaí an lae, laethanta na seachtaine, míonna na bliana srl. |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Iarrann an múinteoir ar roinnt daltaí seasamh i líne os comhair an ranga. Déanann siad uimhir, litir, pictiúir, laethanta na seachtaine, míonna na bliana srl. a léiriú. Iarrtar orthu iad féin a chur in ord de réir critéar cuí, m.sh. in ord ardaitheach, in ord íslitheach srl. Ansin, pléann na daltaí na seichimh agus an teanga chuí mhatamaitice in úsáid acu, cosúil le roimh agus i ndiaidh, nó níos mó ná agus níos lú ná.

### 2 Gníomhaíocht 2

Tabhair páipéar glan nó cártaí do na daltaí ina scríobhann/dtarraingíonn siad a gcuid eachtraí lena gcur in ord. Agus teanga an ghnáthaimh laethúil in úsáid acu, cuireann na daltaí na heachtraí in ord de réir a bpointe tagartha féin, m.sh. roimh nó i ndiaidh lóin, roimh nó i ndiaidh na scoile, roimh nó i ndiaidh clár teilifíse. Spreag na daltaí le teanga chuí mhatamaitice a úsáid agus iad ag cur síos ar a gnáthaimh, m.sh. roimh agus i ndiaidh, ar maidin agus sa tráthnóna.

### 3 Gníomhaíocht 3

Taispeánann an múinteoir an cluiche 'Cé Mise?' do na daltaí. Cuireann sé leideanna ar fáil sa dóigh go dtig leo uimhir nó am ar leith a oibriú amach. Mar shampla, 'tagann m'uimhir i ndiaidh 10 ach roimh 20', 'tagann m'am roimh thráthnóna Dé hAoine ach i ndiaidh tráthnóna Déardaoin'. Ansin, oibríonn na daltaí i mbeirteanna le 'Cé Mise' a imirt, roghnaíonn siad a gcuid uimhreacha, amanna agus eachtraí féin.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cén uimhir a thagann roimh/i ndiaidh x?<br>• Cad é an chéad/dara huimhir/uimhir dheiridh sa tseicheamh?<br>• Cá mhéad uimhir a thagann roimh/i ndiaidh x?<br>• Cén eachtra a tharla roimh/i ndiaidh x? | • Cad é mar is féidir linn na heachtraí/na huimhreacha seo a chur in ord?<br>• Déan cur síos ar an straitéis a d'úsáid tú le do sheicheamh a chruthú.<br>• Déan cur síos ar an dóigh ar chuir tú d'uimhreacha in ord.<br>• Cad iad na heachtraí eile is féidir leat a chur in ord? |

## Difreáil

Socraigh líon na rudaí sa tseicheamh de réir thuiscint na ndaltaí.
Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.